Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus le haghaidh deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar chaiteachas ar leithreasaí-i-gcabhair don bhliain.

Tá farasbarr €3.349 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

***Stoic***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) stoic inchaite TF agus stoic stáiseanóireachta. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na foirne sna vótaí faoi seach. Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar caiteachas ar stoic stáiseanóireachta faoi Vóta 7 agus taifeadtar caiteachas ar stoic inchaite TF faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar go bhfuil an dá stoc comhroinnte, tá siad san áireamh sna nótaí costais oibriúcháin le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 araon.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas a ríomhtar go bliantúil go hiomlán i mbliain na fála/an choimisiúin. Ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go n-úsáideann an Roinn seirbhísí fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus a bhíonn faofa agam), bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ábhartha cé is moite de 4 chonradh (níos mó ná €25,000), arbh fhiú €185,576 san iomlán iad (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain conradh amháin dar luach €78,754 le sainseirbhís aistriúcháin chun cabhrú le cás cúnaimh Stáit a ullmhú. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €2,907. Ceapadh soláthraí nua faoi phróiseas tairisceana iomaíoch trí eTenders i R2-2020.
- Níor tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch chun seirbhísí r-Fhionnachtana a sholáthar toisc go raibh athnuachan leanúnach ar an gceadúnas bogearraí ríthábhachtach maidir leis na cuardaigh doiciméad a theastaíonn le haghaidh fiosrúcháin a choimisiúnú. Is é luach an chonartha seo ná €26,665. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €17,929.
- Bhí comhairle dlí ag teastáil go práinneach maidir le gné den Chúigiú Treoir in aghaidh Sciúradh Airgid (Treoir AML 5) le linn 2020. Bhí na comhairleoirí dlí a ceapadh ar phainéal comhairleoirí dlí na Roinne Airgeadais - bunaíodh an painéal seo tar éis próiseas tairisceana iomaíoch. D'fhonn comhairleoir dlí a fhostú ón bpainéal seo, teastaíonn próiseas tairisceana eile ar a dtugtar 'mionchomórtas'. Sa chás seo, áfach, níor tugadh faoi mionchomórtas toisc go raibh comhairle dlí ag teastáil ón Roinn mar ábhar práinne maidir leis an Treoir AML. Ba é luach an chonartha ná €49,661, ar tabhaíodh an chuid ar fad de in 2020.
- Foinsíodh soláthraí seirbhíse fón póca chun sásanna láimhe agus seirbhísí soghluaiste idirnáisiúnta a sholáthar don Roinn le linn R4 2018. Ba é luach iomlán an chonartha ná €30,496. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €13,136. Níor tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch toisc go raibh seirbhísí soghluaiste idirnáisiúnta ar leith ag teastáil go práinneach ón Roinn do na húsáideoirí sin a bhfuil riachtanais ghnó criticiúla idirnáisiúnta acu. Tugadh faoi phróiseas soláthair iomaíoch in 2020, ag baint úsáide as Oifig Soláthair Rialtais/Creat Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus tá conradh nua i bhfeidhm anois

Roimh 2020, thuig an Roinn nár ceanglaíodh le ciorclán 40/2002 aon tuairisceáin a dhéanamh ach amháin i leith na soláthairtí sin nár chomhlíon rialacha agus rialacháin soláthair phoiblí. Dá bharr sin, eisiadh soláthairtí nach raibh próiseas tairisceana iomaíoch ag teastáil uathu. Tá oifigigh i dteagmháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun tuairisceáin leasaithe a sholáthar do na blianta roimhe sin chun conarthaí neamhiomaíocha a eisiadh roimhe seo a áireamh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is ábhartha. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

I mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, cuireadh bearta leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19. D'éascaigh sé seo an Roinn fanacht ag feidhmiú go hiomlán i rith 2020 agus í ina heagraíocht cianoibre den chuid is mó.

I bhfianaise fhad na cianoibre ar fud na heagraíochta, leagadh béim ar thimpeallacht rialaithe éifeachtach a chothabháil, trí bhearta amhail beartais agus treoirlínte nuashonraithe (e.g. cosaint sonraí, TFC, bainistíocht taifead), cibearshlándáil bhreise, lena n-áirítear oiliúint ábhartha, cumarsáid bhainistíochta agus fócas ar rannpháirtíocht agus folláine foirne. Bhí caidreamh ann freisin le grúpaí earnála státseirbhíse agus le heagraíochtaí sa mhórearnáil phoiblí maidir le bearta spriocdhírithe um chásanna Covid-19 a bhainistiú/a chosc.

Breithníodh rioscaí sonracha a d'eascair as an timpeallacht cianoibre agus maolú cuí ag cruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin agus na gcoistí riosca agus ag Grúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 agus foghrúpa na Roinne.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2020 a d'fhág go bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meán Fómhair 2021

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Beartas eacnamaíoch agus fioscach | 25,069 | 23,573 | 47,542 |
| B | Beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais | 14,814 | 12,404 | 12,624 |
| **Ollchaiteachas** | | **39,883** | **35,977** | **60,166** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,310** | **753** | **1,333** |
| **Glanchaiteachas** | | **38,573** | **35,224** | **58,833** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,348,805** | **2,083,438** |

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 13,070 | 37,284 |
| Pá | | 19,649 | 18,957 |
| Neamhphá | | 3,258 | 3,925 |
| **Ollchaiteachas** | | **35,977** | **60,166** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **753** | **1,333** |
| **Glanchaiteachas** | | **35,224** | **58,833** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (—) | | |
| Dímheas | 42 | 42 | 6 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 178 | | |
| Laghdú ar stoc | 3 | 181 | 44 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **35,447** | **58,883** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 13,590 | 14,495 |
| Measchíosanna | | 1,065 | 1,065 |
| **Glanchostas an chláir** | | **50,102** | **74,443** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 11 | Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | — | 330 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,941 | 13,007 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí [a] | 1,342 | 1,959 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 33 | 29 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais [a] | 365 | — |
| An Príomh-Chiste - Pinsin na n-airí | | 245 | 200 |
| | | 14,926 | 15,525 |
| | | | |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile [a] | | (1,336) | (1,030) |
| | | **13,590** | **14,495** |

Nóta [a] Cuimsíonn na suimeanna seo costais a measadh agus an costas iarbhír á chionroinnt bunaithe ar líon na ndaoine

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 21 | 303 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,659 | 825 |
| Stoic | 2.3 | 15 | 18 |
| Réamhíocaíochtaí | | 371 | 420 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 28 | 226 |
| Ioncam fabhraithe | | 29 | 15 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,102** | **1,504** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 397 | 254 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,501 | 680 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 186 | 371 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,084** | **1,305** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 18 | 199 |
| **Glansócmhainní** | | **39** | **502** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.7 | **39** | **502** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 385 | 404 | 317 | 1,106 |
| Breiseanna | — | — | — | — |
| Diúscairtí | — | — | — | — |
| Coigeartú [a] | (163) | (404) | (94) | (661) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 222 | — | 223 | 445 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 262 | 268 | 273 | 803 |
| Dímheas don bhliain | 12 | — | 30 | 42 |
| Coigeartú [a] | (70) | (268) | (83) | (421) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 204 | — | 220 | 424 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **18** | — | **3** | **21** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 123 | 136 | 44 | 303 |

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le míreanna aonair ar a raibh luachanna faoi bhun €10,000 an ceann tráth an cheannaigh a bhaint den chlár sócmhainní, de réir chiorclán 21/2020: *Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní.*

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | **1,659** | **825** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 8 | 8 |
| Tomhaltáin TF | 7 | 10 |
| | **15** | **18** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 15 | 45 |
| Caiteachas pas taistil in-fhorchúitithe | 1 | 143 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 12 | 38 |
| | **28** | **226** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 285 | 238 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 192 | 155 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 54 | 64 |
| Cáin bhreisluacha | 29 | 33 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 89 | 57 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 57 | 49 |
| | 707 | 597 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 85 | 66 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 15 | 15 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 694 | 2 |
| | **1,501** | **680** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 3,349 | 2,083 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (3,163) | (1,712) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **186** | **371** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,659 | 825 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 28 | 226 |
| | 1,687 | 1,051 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (707) | (597) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (794) | (83) |
| | (1,501) | (680) |
| | **186** | **371** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 502 | 724 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 38,573 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,349) | | |
| Glanvóta | | | 35,224 | 58,833 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraítear in áiteanna eile | 1.1 | | 13,590 | 14,495 |
| Earraí neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil | 2.1 | | (240) | (172) |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,065 | 1,065 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (50,102) | (74,443) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **39** | **502** |

## 2.8 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **1** | **17** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (CÉRB) agus Permanent TSB (PTSB). Tá na caingne seo á gcosaint agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Soláthraíodh cosaintí áirithe tríú páirtí (i bhfoirm barántas agus slánaíochtaí) i ndáil le díol Irish Life Limited, le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, le diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus le leachtú de CÉRB.

Ní hionann iad seo agus liosta iomlán dlíthíochtaí nó cosaintí tríú páirtí. Cuireadh na míreanna áirithe seo san áireamh mar, ag an am a tionscnaíodh iad nó a soláthraíodh iad, bhí tábhacht ar leith leo don Aire agus don Stát.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 20,610 | 19,649 | 18,957 |
| ii | Taisteal agus cothú | 901 | 282 | 816 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,700 | 1,510 | 1,609 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 292 | 228 | 275 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 975 | 835 | 793 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,082 | 403 | 432 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 20 | — | — |
| | | **25,580** | **22,907** | **22,882** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €901,000; toradh €282,000*

D’eascair an difríocht den chuid is mó as srianta taistil a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh Covid-19 a theorannú.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.082 milliún; toradh €403,000*

Tharla an difríocht €679,000 mar nár cuireadh tionscadail chaipitil phleanáilte a ndearnadh buiséad dóibh, i gcrích i rith na bliana mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

## Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A. 1 | Riarachán - pá | 10,820 | 10,238 | 9,995 |
| A. 2 | Riarachán - neamhphá | 2,759 | 2,043 | 1,946 |
| A. 3 | Coiste agus coimisiúin | 370 | 289 | 318 |
| A. 4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 620 | 1,033 | 24,963 |
| A. 5 | Deontas breosla | 10,500 | 9,970 | 10,320 |
| | | **25,069** | **23,573** | **47,542** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.496 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €1.298 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus ba é seo a leanas ba phríomhchúis leis an €198,000 eile:

**A. 3 Coiste agus coimisiúin**

*Soláthar meastacháin €370,000; toradh €289,000*

Baineann caiteachas ar an bhfo-mhírcheann seo leis an mBord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas. Mar thoradh ar Covid-19, bhí laghdú ar líon na n-éisteachtaí achomhairc.

**A. 4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €620,000; toradh €1.033 milliún*

D'eascair an difríocht seo as íocaíocht a rinneadh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le costais dlí a dámhadh do na gearánaithe i gcás a tógadh i gcoinne an Bhoird Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas. Deonaíodh vírmint cheadaithe don difríocht sin.

**A. 5 Deontas breosla**

*Soláthar meastacháin €10.5 milliún; toradh €9.97 milliún*

Is scéim faoi threoir éilimh í an scéim seo agus tá sé deacair an toradh a thuar le cinnteacht.

## Clár B Beartas Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B. 1 | Riarachán - pá | 9,790 | 9,411 | 8,962 |
| B. 2 | Riarachán - neamhphá | 2,211 | 1,215 | 1,979 |
| B. 3 | Coistí agus coimisiúin | 30 | 20 | 27 |
| B. 4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 2,015 | 990 | 964 |
| B. 5 | Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais | 768 | 768 | 692 |
| | | **14,814** | **12,404** | **12,624** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €2.41 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €1.375 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus ba é seo a leanas ba phríomhchúis leis an €1.035 milliún eile:

**B. 4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €2.015 milliún; toradh €990,000*

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus caithfear buiséid a shocrú ar leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Costais áirithe a fhorchúiteamh i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 150 | 61 | 523 |
| 2 | Ilghnéitheach | 160 | 79 | 114 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,000 | 613 | 696 |
| | **Iomlán** | **1,310** | **753** | **1,333** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €557,000 níos lú ná an meastachán mar a bhí tuartha.

**1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €1 mhilliún; réadaithe €613,000*

Bhí an difríocht €387,000 mar thoradh ar uainiú earcaíochta agus ar athruithe ar ríomh na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean a rinneadh mar thoradh ar chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Suim a bailíodh | 2 | 42 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (2) | (42) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **313** | **301** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 17,461 | 16,836 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 108 | 114 |
| Liúntais eile | 477 | 462 |
| Ragobair | 115 | 179 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,488 | 1,366 |
| **Pá iomlán** | **19,649** | **18,957** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 14 | 6 | 35,516 | 30,682 |
| Liúntais eile | 92 | — | 6,597 | 4,693 |
| Ragobair | 48 | 2 | 17,246 | 25,149 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 4 | 20,704 | 28,673 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €493,497 i leith seachtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 25 | 35,136 | 43,664 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 19 | 25,958 | 29,495 |

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, fuair beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €8,448 iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €15,021 iad. Ina theannta sin, fuair ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €12,496 iad. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise seirbhíse tuigthe, ná aon fheabhsú eile ar na téarmaí fabhraithe pinsin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Feidhmeanna córais bhaincéireachta

Tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi IR 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordú ón Aire, leanann GBCN de chostais an aonaid, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta, a íoc.

## 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Coimisiún buan** | | |
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa [a] | 20 | 27 |
| An Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas [b] | 289 | 318 |
| | **309** | **345** |

Nóta [a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas

- bainistíocht comhar creidmheasa a fheabhsú
- leas comhaltaí agus chreidiúnaithe comhar creidmheasa a chosaint agus
- nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó daoine eile a shonróidh an tAire am go ham trí chomhairle ón gCoiste.

[b] Feidhmíonn an Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach leighis sinsearach deimhniú leighis príomhúil dóibh maidir leis an Scéim Tiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach). Bunaíodh an Bord i 1989.

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | 2020 | | | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cásanna dlí | 5 | 510 | 439 | — | 949 | 315 |
| Socraíocht dlí | — | — | — | — | — | 24,000 |
| | | **510** | **439** | **—** | **949** | **24,315** |

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an Aire/Roinn | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Banc Ceannais | 2019 | 19 Már 2020 | 25 Már 2020 | 26 Beal 2020 |
| Scéim Institiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) | 2018 | 20 MF 2019 | 23 MF 2019 | 23 MF 2019 |
| Ciste Comhar Creidmheasa | 2019 | 30 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 3 Iúil 2020 |
| An Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa [a] | 2016 | 28 Iúil 2017 | 1 Lún 2017 | 16 Lún 2017 |
| Cuntais Airgeadais | 2019 | 30 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 21 Iúil 2020 |
| Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean | 2019 | 12 Samh 2020 | 30 Samh 2020 | 17 Noll 2020 |
| Cuntas Ciste Eastáit Díthiomnóra | 2019 | 21 Noll 2020 | 21 Noll 2020 | 22 Noll 2020 |
| Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann | 2019 | 28 Már 2020 | 30 Már 2020 | 26 Beal 2020 |
| Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 2019 | 22 MF 2020 | 23 MF 2020 | 20 DF 2020 |
| Airgeadas Tógála Tí Éireann & fochuideachta amháin | 2019 | 5 Meith 2020 | 6 Meith 2020 | 27 Meith 2020 |
| Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID | 2019 | 22 MF 2020 | 23 MF 2020 | 30 MF 2020 |
| Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID | 2019 | 22 MF 2020 | 23 MF 2020 | 30 MF 2020 |
| Cuntas Bannaí Talún (Foirceannadh) | 2019 | 2 Noll 2020 | 3 Noll 2020 | 22 Noll 2020 |
| Cuntais Iasachtaí Áitiúla | 2019 | 15 Noll 2020 | 15 Noll 2020 | 22 Noll 2020 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 2019 | 27 Aib 2020 | 15 Beal 2020 | 1 Iúil 2020 |
| Fochuideachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (13) | 2019 | 23 Meith 2020 | 14 Iúil 2020 | 22 Iúil 2020 |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 2019 | 13 Beal 2020 | 19 Beal 2020 | 15 Meith 2020 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 2019 | 23 Aib 2020 | 18 Beal 2020 | 25 Meith 2020 |
| Cuntas Taisce Il-Airgead | 2019 | 22 Noll 2020 | 23 Noll 2020 | 23 Noll 2020 |

Nóta [a] Foirceannadh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) go hoibríochtúil an 31 Iúil 2017. Bhí bord sealadach i bhfeidhm go dtí gur díscaoileadh ReBo leis an mBille um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2019, a achtaíodh an 6 Nollaig 2020.